C/2024/2710

18.4.2024

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 12 Feabhra 2024

a bhaineann le cinneadh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925

(Cás DMA.100022 - Apple - number-independent interpersonal communications services)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2024)785)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2024/2710)

An 12 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.

1. RÉAMHRÁ

(1) Leagtar amach sa chinneadh atá i gceangal ('an Cinneadh') na cúiseanna nach n-ainmníonn an Coimisiún, tar éis a imscrúdaithe margaidh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha, 'DMA'), Apple Inc. agus Apple Distribution International Ltd. (dá ngairtear 'Apple' nó 'Gnóthas' anseo feasta) mar gheatóir de bhun Airteagal 3 den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil lena chroísheirbhís ardáin cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir ('CPS') iMessage, cé go gcomhlíontar na tairseacha cainníochtúla a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

2. NÓS IMEACHTA

(2) Tar éis do Apple fógra a thabhairt an 3 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh an 5 Meán Fómhair 2023 lenar ainmníodh Apple mar gheatóir de bhun Airteagal 3 den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil lena sheirbhís idirghabhála ar líne App Store, a chóras oibriúcháin iOS agus a bhrabhsálaí gréasáin Safari ([2]). Sa chinneadh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gurb é atá i gceist le iMessage seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, a gcomhlíonann Apple na tairseacha cainníochtúla a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha ina leith, ach gur chuir Apple argóintí a raibh bunús leordhóthanach leo i láthair ina dtarraingítear amhras go follasach ar na toimhdí a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil leis an gcroísheirbhís ardáin seo, rud is údar le himscrúdú margaidh a thionscnamh maidir leis an gcroísheirbhís ardáin seo de bhun Airteagal 17(3) agus Airteagal 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(3) Mar thoradh air sin, ghlac an Coimisiún cinneadh breise an 5 Meán Fómhair 2023, imscrúdú margaidh a thionscnamh de bhun Airteagal 16(1) agus Airteagal 17(3) den Ghníomh um Margaí Digiteacha chun a mheas, tar éis na n-argóintí a chuir Apple i láthair de bhun Airteagal 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ar cheart iMessage, an tseirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir atá ag Apple, a liostú mar thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh sa chinneadh lena n-ainmnítear Apple mar gheatóir ([3]).

(4) An 29 Samhain 2023, chuir an Coimisiún a réamhthorthaí in iúl do Apple de réir Airteagal 17(3) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. D'fhreagair Apple an 5 Nollaig 2023.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 17 agus Airteagal 50(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, chuathas i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha agus d'eisigh sé a thuairim dhearfach an 1 Feabhra 2024.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1).

([2]) Cinneadh C(2023) 6100 final.

([3]) Cinneadh C(2023) 6077 final an 5 Meán Fómhair 2023.

3. CREAT DLÍTHIÚIL

(6) Bunaítear leis an nGníomh um Margaí Digiteacha sraith critéar oibiachtúil atá sainithe go cúng chun gnóthas a ainmniú mar gheatóir. Tá ainmniú le déanamh i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na croísheirbhísí ardáin a sholáthraíonn an gnóthas agus ar tairseach thábhachtach iad d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Chun a chinneadh an croísheirbhís ardáin í seirbhís a sholáthraíonn gnóthas a chomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, is gá, mar réamhchéim, an tseirbhís i gceist a cháiliú agus a shonrú. Critéar ábhartha chun croísheirbhísí ardáin a cháiliú agus a shonrú is ea an cuspóir a n-úsáideann úsáideoirí deiridh nó úsáideoirí gnó, nó an dá chineál úsáideoirí sin, an tseirbhís ina leith.

(7) De réir Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ainmneoidh an Coimisiún gnóthas mar gheatóir má chomhlíonann sé trí cheanglas charnacha, is é sin: (a) go bhfuil tionchar mór aige ar an margadh inmheánach; (b) go soláthraíonn sé croísheirbhís ardáin atá mar thairseach thábhachtach chun rochtain a fháil ar úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh; agus (c) má bhaineann sé tairbhe as suíomh daingnithe marthanach ina chuid oibríochtaí nó go bhfuil sé intuartha go mbainfidh sé tairbhe as suíomh den sórt sin go luath. Leagtar síos le hAirteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha toimhde go gcomhlíontar na ceanglais sin i gcás ina gcomhlíontar tairseacha cainníochtúla áirithe, go háirithe láimhdeachas nó caipitliú margaidh na cuideachta chomh maith le líon na n-úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó atá ag croísheirbhís ardáin ar leith i ngach ceann de na 3 bliana airgeadais dheireanacha.

(8) De bhun Airteagal 3(5), Airteagal 17(3) agus Airteagal 17(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, maidir le gnóthas a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin lena sásaítear na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, agus a bhfuil argóintí a bhfuil bunús leordhóthanach leo curtha i láthair aige i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chaitheann amhras go follasach ar na toimhdí a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú margaidh a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann an gnóthas sin, mar sin féin, na critéir in Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. I gcomhréir le torthaí an imscrúdaithe margaidh, glacann an Coimisiún le frisnéis gnóthais nó diúltaíonn sé di agus, dá bhrí sin, déanann sé an gnóthas a ainmniú mar gheatóir de réir bhrí an Ghnímh um Margaí Digiteacha nó gan é a ainmniú.

4. MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN

(9) Tar éis do Apple fógra a thabhairt agus na himscrúduithe margaidh arna ndéanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 17(3) agus Airteagal 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gan Apple a ainmniú mar gheatóir maidir lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir iMessage , toisc nach tairseach thábhachtach í an tseirbhís sin d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Tá conclúid an Choimisiúin bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas arna mbreithniú le chéile.

(10) Ar an gcéad dul síos, is cosúil go bhfuil úsáid fhoriomlán iMessage — nach féidir a úsáid ach ar ghléasanna Apple — sách íseal san Aontas, i dtéarmaí líon i bhfad níos ísle úsáideoirí agus go háirithe déine úsáide i bhfad níos ísle i gcomparáid le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir eile, is é sin an dá sheirbhís teachtaireachtaí is mó tóir, WhatsApp agus Messenger, a sholáthraíonn Meta agus a ainmníodh faoin nGníomh um Margaí Digiteacha. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún faoi deara, ar an gcéad dul síos, go raibh líon na n-úsáideoirí deiridh gníomhacha míosúla i gcás iMessage idir 2020 agus 2023 go mór faoi bhun líon úsáideoirí deiridh gníomhacha míosúla WhatsApp Meta agus Messenger.

(11) Ar an dara dul síos, maidir le húsáideoirí gníomhacha laethúla, tá an difríocht le líon na n-úsáideoirí idir na seirbhísí Meta thuasluaite agus iMessage níos suntasaí fós, rud a thugann le fios go n-úsáideann úsáideoirí iMessage an tseirbhís seo níos minice ná úsáideoirí WhatsApp nó Messenger ar an meán. Ar an gcaoi chéanna, measann an Coimisiún go bhfuil déine úsáid iMessage sách íseal i gcomparáid le seirbhísí teachtaireachtaí eile agus gur gnách le húsáideoirí gníomhacha seirbhísí teachtaireachtaí eile úsáid a bhaint as na seirbhísí sin ar feadh tréimhsí ama níos faide agus ar bhonn níos minice ná úsáideoirí gníomhacha iMessage. Deimhnítear le sonraí atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear sonraí a fhoilsíonn rialtóirí náisiúnta éagsúla, go n-úsáidtear seirbhísí teachtaireachtaí eile i bhfad níos minice agus ar bhealach níos déine ná iMessage. Mar shampla, léiríonn sonraí a d'fhoilsigh údaráis rialála náisiúnta ón nGearmáin, ón Spáinn agus ón Ostair nár tuairiscíodh iMessage i measc na seirbhísí teachtaireachtaí ba mhinice a úsáideadh in aon cheann de na Ballstáit sin.

(12) Ar an tríú dul síos, ag díriú ar úsáid ghnó iomlán agus choibhneasta iMessage, léiríonn torthaí an imscrúdaithe margaidh gur tábhacht theoranta atá ag baint le iMessage mar chainéal cumarsáide B2C. Thairis sin, maidir le Messages for Business go sonrach, arb í seirbhís Apple í lena gcumasaítear d'úsáideoirí deiridh iMessage cumarsáid a dhéanamh go díreach le húsáideoirí gnó agus *vice versa* in eispéireas réidh tríd an aip Messages réamhshuiteáilte, léiríonn na sonraí atá ar fáil don Choimisiún faoi láthair go bhfuil bonn an-teoranta úsáideoirí aici san Aontas.

(13) Ar an iomlán, tugann an fhianaise a bhailigh an Coimisiún le fios nach measann úsáideoirí gnó gur bealach tábhachtach, nó *a fortiori* ríthábhachtach, é iMessage chun rochtain a fháil ar a gcustaiméirí. Níor mheas aon cheann d'úsáideoirí corparáideacha iPhone a ndearna an Coimisiún teagmháil leo le linn an imscrúdaithe margaidh gur seirbhís ríthábhachtach nó thábhachtach í chun teagmháil a dhéanamh lena gcustaiméirí agus thug tromlach soiléir díobh le fios nach bhfuil aon tábhacht ag baint le iMessage chun rochtain a fháil ar a gcustaiméirí. Thairis sin, léirigh gach úsáideoir corparáideach a úsáideann iMessage chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí go n-úsáideann siad seirbhísí teachtaireachtaí eile freisin agus chuir siad i dtábhacht go minic gur uirlis tánaisteach í i gcomparáid le huirlisí cumarsáide eile. Ar deireadh, chuir roinnt freagróirí in iúl, ós rud é go gcuirtear iMessage ar fáil in éineacht leis an tseirbhís SMS/MMS, gur minic go mbíonn úsáid iMessage neamhbheartaithe, agus go dtarlaíonn sé sin nuair a tharlaíonn go bhfuil feistí Apple ag an dá pháirtí sa chumarsáid agus go bhfuil iMessage gníomhachtaithe acu.

(14) Leagtar béim i dtorthaí an Choimisiúin, i dteannta a chéile, ar an tábhacht réasúnta íseal a bhaineann le iMessage mar thairseach don chumarsáid le húsáideoirí gnó.

(15) Dá bhrí sin, tá an t-imscrúdú margaidh a tionscnaíodh le cinneadh C(2023) 6077 an 5 Meán Fómhair 2023 tugtha chun críche.

5. **CONCLÚID**

(16) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, leis an gCinneadh, déantar an t-imscrúdú margaidh a tionscnaíodh le cinneadh C(2023) 6077 an 5 Meán Fómhair 2023 ar iMessage, an tseirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir atá ag Apple, a thabhairt chun críche trína chinneadh nár cheart an croísheirbhís ardáin sin a liostú mar thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh i gcinneadh C(2023) 6100 an 5 Meán Fómhair 2023 lena n-ainmnítear Apple mar gheatóir de bhun Airteagal 3 den Ghníomh um Margaí Digiteacha.